10.11.2020

San eagrán seo:

- Ceardlann le Sadhbh Devlin
- Tae & Plé
- Aiseolas ón mí seo caite
- ...agus rud amháin eile!

Sadhbh Devlin

Ceardlann le Sadhbh Devlin

Tá áthas orainn a fhógairt go mbeidh **Sadhbh Devlin linn ar an 18/11/2020** chun ceardlann a éascú do stiúrthóirí naíonra. Is ceardlann saor in aisce é seo a bheidh ar siúl thar **Zoom idir 18.00-19.00**. Beidh an cheardlann dírithe ar **'Conas Leabhair a Usáid le Páistí Óga', mar aon le roinnt ealaíne, drámaíochta, ceoil agus plé ar na céadfaí**.

Is scríbhneoir cónaithe le Leabharlanna Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin 2019/2020 í Sadhbh. Scríobhann sí leabhair phictiúr do pháistí. Tá trí leabhar dá cuid foilsithe ag Futa Fata – *Bí ag Spraoi Liom!*, *Beag Bídeach* agus *Geansaí Ottó*. Ainmníodh *Beag Bídeach* ar ghearrliosta CBI Book of the Year Awards 2019, Gradam Réics Carló 2019, Gradam Leabhar na Bliana de chuid Chumann Leabharlann na hÉireann 2019 agus Liosta Gradam de chuid iBbY Ireland Hans Christian Andersen 2020. Is áisitheoir ar cheardlanna do pháistí í freisin agus bíonn sí ag obair le scoileanna, leabharlanna agus ag féilte ealaíne.

Tá an cheardlann seo teoranta do fiche stiúrthóir, mar sin, is fiú go mór clárú luath seachas mall. Is féidir tú féin a chlárú tríd an nasc thíos. Má tá ceist ar bith agat, is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie ag katie@gaeloideachas.ie. Déanfar an cheardlann a thaifeadadh.

Tae & Plé 25.11.2020 - Scéalaíocht

An mbeidh tú linn ar an 25ú Samhain don chéad seisiún eile Tae & Plé? Téama na míosa seo ná 'Scéalaíocht'. Beidh an seisiúin ar siúl idir **18.00-19.00 thar Zoom**. Is féidir libh bhur gcuid nósanna scéalaíochta a roinnt leis na stiúrthóirí eile agus roinnt smaointí a fháil uathu. Bí cinnte freastal ar an gceardlann scéalaíochta atá ar siúl ag Sadhbh Devlin an tseachtain roimhe le roinnt ionspioráide a fháil. Tá fáilte roimh chách, daoine atá ag iarraidh caint, daoine nach bhfuil ag iarraidh caint, daoine nach bhfuil ag iarraidh an ceamara a chur ar siúl, srl. Más spéis leat suí isteach ar an bplé, cláraigh tú féin anseo.

Will your naíonra be joining us on the 25th of this month for a cuppa' Tea and a chat over Zoom? This month's topic will be Story Telling. The session will start at 18.00-19.00. You can share your storytelling methods with the other teachers and get some ideas from them too. Be sure to attend Sadhbh Devlin's Storytelling workshop that will take place the week prior to get some inspiration. Everybody is welcome, people who would like to chat, people who don't want to chat, people who don't want to turn their camera on, etc. If you would like to sit in on the discussion, make sure you register by clicking here.

Spraoi Lasmuigh - Tae & Plé 23.10.2020

Cuireadh tús leis an Tae & Plé le cur i láthair beag ó Katie (ar fáil thíos) ar roinnt de na cleachtais agus eiseamláirí atá aimsithe aici. Mhol sí dúinn breathnú ar dhá rud ach go háirithe, leathanach Facebook **OAK (Outdoor Active Kids)** i gCorcaigh agus an áis **Garden of Possibilities** atá ar fáil ó ECI.

Roinn na rannpháirtithe ansin cuid den taithí atá acu ar an spraoi lasmuigh ina seirbhísí féin. Feictear do roinnt de na múinteoirí go bhfuil clocha míle á mbaint amach níos luaithe ag na páistí toisc an méid ama atá á chaitheamh lasmuigh (conas léim, mar shampla, agus seasamh ar chos amháin).

Áiseanna fiúntacha

Moladh na **clocha céimeanna** (le ceannach ó Ease) mar phíosa trealaimh, chomh maith le **mataí IKEA** agus **bíomaí gleacaíochta**. Tá naíonra amháin ag baint an-úsáid as rothair chothromaíochta agus scútair, cé gur gá iad a ghlanadh i ndiaidh gach úsáid faoi láthair de dheasca an baol le Covid 19. Tá feistis don bháisteach, Puddleducks, in úsáid i roinnt seirbhísí agus le moladh, na míbhuntáistí, áfach, ná go bhfuil spás stórála de dhíth, agus go gur gá bheith lasmuigh ar feadh tréimhse réasúnta ama (níos mó ná fiche nóiméad) le gur fiú an t-am leis na páistí a ghléasadh. Buntáiste eile, áfach, ná go mbíonn sé éasca na páistí a aithint agus iad amuigh ar thuras nuair atá siad á gcaitheamh. Aithníodh feabhas na málaí 'Buntús' - málaí acmhainní ó Spórt Éireann siar in 2009. Moladh go ndéanfaí liosta de threalamh fiúntach don spraoi lasmuigh a roinnt leis na naíonraí uile.

Cluichí

I measc na gcluichí a imríonn siad lasmuigh, tá **Cén t-am é a Mhac Tíre?, Lacha Lacha Gé, bailiú liathróidí ar dhathanna ar leith, agus anraith uafásach Cití Cailleach** a réiteach. Ar ndóigh, oibríonn go leor de na cluichí chomh maith céanna laistigh. Chaith naíonra amháin maidin iontach ag spraoi sa bháisteach, i mbun níocháin ar a gcuid trucailí! Luadh an áis **Spreag an Ghaeilge le Spraoi** atá lán le cluichí clóis (naisc thíos).

Moladh meascán den **saorimirt** (a chabhraíonn go mór le forbairt an pháiste) agus cluichí le rialacha (a chabhraíonn go mór le páistí atá cúthail). Nuair is cluiche é inar gá sealanna a ghlacadh, moladh obair i mbeirteanna ionas nach mbeidh orthu bheith ag fanacht

Braitheann an spás lasmuigh, agus an fáil ar an spás, ar shuíomh an naíonra. Dóibh siúd atá ar láthair scoile, bíonn gá an clós a roinnt de réir sceideal na scoile, agus ní bhíonn fáil air i gcónaí ag an am is feiliúnaí don naíonra (mar shampla, nuair nach bhfuil sé ag cur báistí!).

Ábhair eile plé

Ar an iomlán, bhí na múinteoirí naíonra a bhí linn don Tae & Plé an-dearfach ar fad maidir leis an spraoi lasmuigh.

Luadh cúpla nod maidir le nithe fiúntacha eile atá aimsithe acu nach mbaineann leis an spraoi lasmuigh: go bhfuil leabhair dhathúcháin ar théama na Nollag ar díol ag An Siopa Leabhar agus go bhfuil **WhatsApp Broadcast** an-áisiúil ar fad mar mhodh le heolas a roinnt le tuismitheoirí, go háirithe san am i láthair nuair nach bhfuil cead acu bheith sa seomra naíonra agus srianta i bhfeidhm maidir le scaradh sóisialta. Tá súil ag Gaeloideachas **treoir bheag** a ullmhú maidir le conas WhatsApp Broadcast a úsáid sa naíonra, agus roinnfear libh go luath é.

Naisc úsáideacha bunaithe ar Spraoi Lasmuigh

...agus rud amháin eile!

Acmhainní nua deasa don Naíonra

Tá ríméad orainn an **tsraith nua póstaer** thíos a roinnt libh. Tá 25 phóstaer ann san iomlán agus tá súil againn go rachaidh siad go mór chun leasa bhur gcuid naíonraí. Tá súil againn go gcuirfeadh siad leis an bplé agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an

Tá trí chineál póstaer ann:

- Ag comhaireamh rudaí/ainmhithe (1-10)
- Ag comhaireamh daoine (1-10)
- Aidiachtaí/Rudaí contrártha (5 phóstaer)

Is féidir na póstaeir a úsáid in éindí leis na hamhráin, rainn, scéalta agus gníomhaíochtaí spraíúla eile atá luaite inár treoirleabhar idirghníomhach *An Luathuimhearthacht agus Réamhscileanna Mata sa Naíonra* atá ar fáil ar shuíomh Gaeloideachas. Dar ndóigh, is féidir iad a úsáid chomh maith le díriú ar stór focal a bhaineann le téamaí éagsúla freisin: **éadaí, dathanna, tréithe, éagsúlacht agus go leor eile**.
Cuirfear cóipeanna crua ar fáil do naíonraí go han-luath – bígí ag faire amach dóibh! Tá súil againn go mbainfidh sibh tairbhe astu agus go dtaitníonn siad leis na gasúir!

Póstaeir ar Chomhaireamh Ainmhithe

Póstaer ar Chomhaireamh Daoine

Póstaeir ar Aidiachtaí

Roinn ar Facebook **Tvuít**

Copyright © 2020 GAELOIDEACHAS
All rights reserved. Gach ceart ar cosaint.

díchláraigh ón liosta seo